**Na Gnéithe Cáilíochta – Imscrúdú Matamaiticiúil**

Is ionann na Gnéithe Cáilíochta agus critéir a leagtar síos chun leibhéal gnóthachtála scoláire a mheas i Measúnú Rangbhunaithe (MRB). Anseo thíos, tá cur síos ar na Gnéithe Cáilíochta don Iniúchadh Matamaiticiúil.

| | Níor chomhlíon na hionchais go fóill | Ag teacht leis na hionchais | Os cionn na n-ionchas | Thar barr ar fad |
|---|---|---|---|---|
| **An Ráiteas Faidhbe a shainiú** | Úsáidtear ráiteas faidhbe a tugadh don scoláire agus le treoir, bristear síos an fhadhb ina céimeanna | Le treoir, ceaptar ráiteas faidhbe, bristear síos an fhadhb ina céimeanna indéanta agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna, más cuí | Le treoir theoranta, cuirtear ráiteas faidhbe agus soiléirítear/simplítear an fhadhb le foshuíomhanna réasúnta, nuair is cuí | Cuirtear ráiteas faidhbe beacht agus soiléirítear agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna is féidir a chosaint, nuair is cuí |
| **Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic** | Úsáidtear straitéis a cuireadh ar fáil | Roghnaítear straitéis oiriúnach chun tabhairt faoin bhfadhb | Cosnaítear straitéis oiriúnach a úsáid chun tabhairt faoin bhfadhb agus sainaithnítear aon athróga ábhartha | Forbraítear straitéis chosanta éifeachtach agus meastar dul chun cinn i dtreo réitigh nuair is cuí; tugtar buille faoi thuairim faoin ngaol idir athróga nuair is cuí |
| **Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach** | Taifeadtar roinnt breathnuithe/sonraí agus leantar roinnt gnásanna bunúsacha matamaiticiúla | Taifeadtar breathnuithe/sonraí agus leantar gnásanna oiriúnacha matamaiticiúla le hearráidí beaga; úsáidtear graif agus/nó léaráidí/focail chun léargas a thabhairt ar an bhfadhb agus/nó ar an réiteach | Taifeadtar breathnuithe/sonraí go córasach, leantar gnásanna matamaiticiúla oiriúnacha agus úsáidtear teanga chruinn mhatamaiticiúil, nodaireacht chruinn shiombalach agus léirithe fisiúla cruinne; déantar iarracht aon phatrúin a fheictear a ghinearálú sa réiteach/bhreathnú | Leantar gnásanna matamaiticiúla le hardleibhéal beachtais, agus faightear freagra is féidir a chosaint; ginearálaítear réiteach/breathnuithe agus cuirtear i bhfeidhm ar chásanna eile iad nuair is cuí |
| **Léirmhíniú agus tuairisciú** | Déantar tráchtaireacht ar aon réiteach | Déantar tráchtaireacht ar réasúnacht an réitigh nuair is cuí agus déantar nasc nithiúil leis an gceist bhunaidh; úsáidtear gnáth-theanga chun smaointe a chur in iúl | Seiceáiltear réasúntacht an réitigh agus filltear ar fhoshuíomhanna agus/nó straitéis chun an próiseas a athdhéanamh, más gá; úsáidtear teanga fhoirmeálta mhatamaiticiúil chun smaointe a chur in iúl agus sainaithnítear ar éirigh go maith leo agus a bhféadfaí a fheabhsú | Úsáidtear argóintí déaduchtacha agus teanga bheacht mhatamaiticiúil agus nodaireacht bheacht shiombalach chun smaointeoireacht mhatamaiticiúil a chomhdhlúthú agus chun réiteach a chosaint; sainaithnítear láidreachtaí agus/nó laigí sa léiriú matamaiticiúil/straitéis réitigh |

Foinse: Treoirlínte Matamaitice na Sraithe Sóisearaí do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, Nollaig 2019. Le linn an MRB agus cruinnithe AFMÁ, ba chóir do mhúinteoirí spléachadh a thabhairt ar an bhfoilsiúchán is deireanaí de na Treoirlínte Measúnaithe atá ar fáil ag www.curriculumonline.ie.